# Cúrsa gearr
# Códú

## Sonraíocht do Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí

Meitheamh 2016

# An Clár Ábhar

Leathanach 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 4 **Réasúnaíocht**

Leathanach 5 **Aidhm**

Leathanach 6 **Forbhreathnú: Naisc**

Ráitis Foghlama
Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

Leathanach 9 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leathanach 10 **Ionchais maidir le scoláirí**

Torthaí Foghlama

Leathanach 14 **Measúnú agus tuairisciú**

Leathanach 16 **Aguisín 1:**

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Bíonn an Ríomheolaíocht i láthair i ngach gné den tsochaí nuaaimseartha. Má bhíonn córais bhogearraí ag feidhmiú mar is ceart, bíonn eitleáin in ann eitilt ó chathair amháin go ceann eile, bíonn bainc in ann airgead a thabhairt amach ag UMB agus bíonn dochtúirí in ann an leibhéal glúcóis i bhfuil othair a thomhas. Tá buntuiscint ar an gcaoi a noibríonn cruaearraí agus bogearraí ríomhaireachta agus ar an gcaoi a mbaineann siad leis an saol laethúil ag éirí níos tábhachtaí gach uile lá mar réimse foghlama don scoláire. Forbraítear scileanna fadhbréitigh agus smaointeoireacht ríomhaireachta sa chúrsa seo de réir mar a thógann agus mar a chruthaíonn an scoláire tionscadail bhogearraí lena smaointe agus lena shamhlaíocht féin. Déanann an cúrsa iarracht tógáil ar aon scileanna códaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an scoláire ón mbunscoil agus tugtar léargas ann ar staidéar a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo i ríomheolaíocht agus in innealtóireacht bogearraí.

# Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an ngearrchúrsa seo cumas an scoláire a fhorbairt maidir le fadhbanna a cheapadh go loighciúil, cód a dhearadh, a scríobh agus a thástáil trí fhorbairt clár, aipeanna, cluichí, beochaintí nó suíomhanna gréasáin, agus trína ghníomhaíochtaí foghlama roghnaithe chun foghlaim faoi ríomheolaíocht.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí códú a nascadh le gnéithe lárnacha den bhfoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

## Códú agus na ráitis foghlama

### Tábla 1: Naisc idir códú na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

| Ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa |
|---|---|
| RF 17: Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla. | Tá réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht ríomhaireachta ina ngnéithe lárnacha den chúrsa seo. Úsáideann an scoláire a eolas matamaiticiúil, a scileanna matamaiticiúla agus a thuiscint mhatamaiticiúil nuair atá réitigh ar fhadhbanna sonracha á noibriú amach, a measúnú agus a gcur i bhfeidhm. |
| RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Léirmhíníonn agus cuireann an scoláire síos ar phatrúin agus ar ghaoil de réir mar a réitíonn sé fadhbanna agus de réir mar a chruthaíonn sé tionscadail ag úsáid algartam agus teangacha ríomhchlárúcháin. |
| RF 20: Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha. | Déanann an scoláire, ina aonar nó mar chuid d'fhoireann, taighde agus plé ar na teicneolaíochtaí is oiriúnaí le húsáid, chun fadhbanna a réiteach agus chun réitigh a chur ar fáil. |
| RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Tugann an scoláire faoi ransú smaointe agus faoi ghníomhaíochtaí pleanála, téann sé ar aghaidh ansin go dtí na céimeanna deartha, forbartha agus tástála, agus bíonn réiteach tionscadail ar fhadhb shonrach a chruthú ina thoradh ar a chuid oibre ar fad. |

## Códú agus na príomhscileanna

I dteannta a ninneachair agus a neolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

### Fíor 1: Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí




Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainaithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa Chódú. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

**Tábla 2: Naisc idir códú na sraithe sóisearaí agus na príomhscileanna**

| An phríomhscil | Gné na príomhscile | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú | Tugann an scoláire faoi ransú smaointe agus gineann sé smaointe faoi dhearadh agus faoi chur i bhfeidhm réiteach agus tionscadal. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Cruthaíonn an scoláire suíomh gréasáin chun torthaí ábhair ar a ndearna sé taighde a thaispeáint. |
| A bheith uimheartha | Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchadh, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna | Cruthaíonn an scoláire cláir ghearra a thaispeánann é ag úsáid agus ag tuiscint smaointe matamaiticiúla agus ríomhaireachta. |
| Cumarsáid | Plé agus díospóireacht | Pléann an scoláire smaointe, déanann sé measúnú ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí cur chuige difriúil, agus molann sé réitigh fhéideartha. Tugann sé tuairisc ar thionscadail agus aiseolas ar obair daoine eile. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil | Fiosraíonn an scoláire bealaí nua agus difriúla chun ceisteanna a fhreagairt agus chun fadhbanna a réiteach. Úsáideann sé uirlisí éagsúla chun teacht ar fhaisnéis agus chun í a bhainistiú agus a roinnt, ar nós sreabhchairteacha, cáipéisí deartha, cáipéisíocht códaithe agus liostaí fabhtanna. |
| Mé féin a bhainistiú | Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach | Glacann an scoláire freagracht as a chuid foghlama pearsanta trí spriocanna a leagan amach agus trí chúnamh a lorg nuair is gá óna chomhscoláirí, ón múinteoir nó ó fhoinsí oiriúnacha eile, agus trí machnamh a dhéanamh ar an aiseolas a fhaigheann sé. |
| Fanacht folláin | A bheith slán | Éiríonn an scoláire feasach ar na saincheisteanna folláine, sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le bheith ag obair le ríomhairí, agus ar shaincheisteanna praiticiúla eirgeanamaíochta a bhaineann le ríomhairí a úsáid. Foghlaimíonn an scoláire le bheith freagrach, sábháilte agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid aige. |
| Obair le daoine eile | Ag comhoibriú | Forbraíonn an scoláire caidreamh maith oibre le daoine eile agus bíonn léirthuiscint aige don fhiúntas a bhaineann le meas agus le comhoibriú nuair atá spriocanna pearsanta agus grúpa á mbaint amach. Foghlaimíonn sé le léirthuiscint a bheith aige do bhuanna iléagsúla agus le tabhairt faoi obair chomhoibríoch. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht don ghearrchúrsa códaithe seo de chuid na sraithe sóisearaí ar scileanna réitigh fadhbanna an scoláire a fhorbairt trí thrí shnáithe nasctha: **Bunchúrsa sa Ríomheolaíocht, Nascaimis agus Códú ag an gCéad Chéim Eile.**

## **Strand 1:** Bunchúrsa sa Ríomheolaíocht.

Sa snáithe seo, fiosraíonn an scoláire an réimse úsáidí a bhíonn ag ríomhairí i saol an lae inniu agus foghlaimíonn sé leis na cruaearraí agus leis na bogearraí bunúsacha a ritheann iad a thuiscint. Áirítear leis seo foghlaim le cód a scríobh, a thástáil agus a mheasúnú.

## **Strand 2:** Nascaimis.

Cuireann an snáithe seo le tuiscint an scoláire ar an ríomhaire mar uirlis cumarsáide trí shonraí a stóráil agus a ionramháil. Bíonn deis ag an scoláire freisin ábhar nó dúshlán sa ríomheolaíocht a spreagann é a shainaithint agus taighde a dhéanamh air, é a chur i láthair agus aiseolas a fháil faoi.

## **Strand 3:** Códú ag an gCéad Chéim Eile.

Sa snáithe seo, tugtar buneolas don scoláire ar leibhéil códaithe níos casta agus bíonn sé in ann a thuiscint a thaispeáint trí thaifeadadh, trí phlé agus trí aiseolas.

Dearadh an cúrsa seo le déanamh in ord loighciúil: snáithe 1 ar dtús agus ansin snáithe 2 agus snáithe 3. Cuireann sé sin ar chumas an scoláire tógáil ar na scileanna a d'fhoghlaim sé cheana féin. Is snáithe bunúsach é Snáithe 1 ina dtugtar buneolas ar an ábhar, agus ba cheart tabhairt faoi sin ar dtús. D'fhéadfadh an scoil tabhairt faoin dá shnáithe eile i pé ord a cheapann sí is fearr dá scoláirí.

Spreagtar obair bhuíne ar fud na dtrí shnáithe. Bíonn an scoláire ag comhoibriú, i mbun míniú piaraí, ag lorg aiseolais, ag tabhairt aiseolais agus ag déanamh machnaimh ar a chuid oibre. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí foghlama praiticiúla, teagmhálacha agus ina dtugtar faoi réiteach fadhbanna le feiceáil i ngach cuid de thrí shnáithe an chúrsa. Is féidir coincheapa teoiriciúla a neartú trí thionscadail agus trí obair phraiticiúil.

Ba cheart bogearraí saor in aisce agus foinse oscailte a úsáid nuair is féidir, ionas go mbeidh na huirlisí bogearraí ar fáil chomh héasca agus is féidir don scoláire agus ionas go mbeidh deis ag an scoláire foinse chód foinseach na nuirlisí a úsáideann sé a scrúdú.

I gcomhthéacs a chuid sláinte agus folláine, leagtar béim ar shábháilteacht an scoláire nuair atá ríomhairí á núsáid sna Ráitis Foghlama agus ba cheart go mbeadh sí ina gné de thaithí an scoláire ar an gcúrsa. Tá gearrchúrsa eile ar fáil ó CNCM faoi Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha a thugann aghaidh níos beaichte ar ábhar imní faoi shábháilteacht idirlín agus faoi úsáid fhreagrach an idirlín. Ba cheart go gcuirfí an scoláire ar an eolas freisin faoi Pholasaí Úsáide Inghlactha a scoile.

Léirítear an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM sa mheasúnú rangbhunaithe a dtugtar breacchuntas air thíos. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an measúnú rangbhunaithe a athrú freisin, ionas go léirítear foghlaim an scoláire ann. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le measúnú rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáththéarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa códaithe seo a chur i gcrích i rith na sraithe sóisearaí. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an tuimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

# Snáithe 1: Bunchúrsa sa Ríomheolaíocht

## Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Mo dhomhan digiteach:**<br>Tábhacht na ríomhairí sa tsochaí nuaaimseartha agus i mo shaol féin | 1.1 samplaí d'úsáid ríomhairí a chur i láthair agus a roinnt, agus plé a dhéanamh ar a dtábhacht sa tsochaí nuaaimseartha agus ina shaol féin<br>1.2 cur síos a dhéanamh ar phríomhchomhpháirteanna córas ríomhaire (láraonad próiseála, cuimhne, príomhstóras, gléasanna ionchuir/aschuir, busanna)<br>1.3 a mhíniú gur gléasanna iad ríomhairí chun cláir a rith trí theangacha ríomhchlárúcháin a úsáid |
| **Is códóir mé – céim ar chéim:**<br>An chaoi le tús a chur le ríomhchlárú agus le halgartaim bhunúsacha a fhorbairt | 1.4 algartaim oiriúnacha a fhorbairt le súdachód agus/nó le sreabhchairteacha<br>1.5 cód a scríobh chun algartaim a chur i bhfeidhm<br>1.6 croíghnéithe teangacha ríomhchlárúcháin struchtúrtha a phlé agus a chur i bhfeidhm, ar nós athróg, oibreoirí, lúb, cinntí, sannacháin agus modúl<br>1.7 an cód a thástáil<br>1.8 na torthaí a mheasúnú i ngrúpaí de bheirt nó de thriúr |

# Snáithe 2: Nascaimis

## Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Naisc a dhéanamh:**<br><br>Is gairis cumarsáide iad ríomhairí | 2.1 na bunchoincheapa a bhaineann leis an idirlíon a phlé<br>2.2 cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a niompraítear sonraí ar an Idirlíon agus ar an gcaoi a mbíonn ríomhairí i mbun cumarsáide agus comhoibriú trí phrótacail<br>2.3 an chaoi a seachadann innill chuardaigh torthaí a mhíniú<br>2.4 suíomh gréasáin a thógáil le teanga mharcála hipirtéacs (HTML) agus le stílbhileog chascáideach (CSS) chun a chuid foghlama a thaispeáint |
| **Giotáin agus bearta:**<br><br>An chaoi a stórálann ríomhairí sonraí | 2.5 an chaoi a léiríonn ríomhairí sonraí le 1 agus 0 a mhíniú<br>2.6 an chaoi a léirítear líníochtaí agus grianghraif i ngairis ríomhaireachta a iniúchadh |
| **Fadhbanna an fhíorshaoil:**<br><br>An Ríomheolaíocht do mo spreagadh | 2.7 ábhar nó dúshlán sa ríomheolaíocht a spreagann é a shainaithint<br>2.8 taighde a dhéanamh ar an ábhar/dúshlán sin<br>2.9 moladh a chur i láthair le haghaidh plé agus machnamh a dhéanamh ar aiseolas<br>2.10 a chur ina luí ar a phiaraí go bhfuil fiúntas ag baint le smaoineamh |

# Snáithe 3: Códú ag an gCéad Chéim Eile

## Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Is códóir mé:**<br><br>Coincheapa níos casta i ríomhchlárú agus i smaointeoireacht ríomhaireachta | 3.1 cód a dhearadh go cruthaitheach agus a scríobh le haghaidh tascanna gearra ríomhchláraithe chun úsáid oibreoirí a thaispeáint le haghaidh sannacháin, uimhríochta, comparáide agus teaglamaí Boole<br><br>3.2 tascanna gearra ríomhchláraithe a chur i gcrích le bunstruchtúir líneacha sonraí (m.sh. eagar nó liosta)<br><br>3.3 an chaoi a ngabhann feidhmeanna agus/nó gnásanna (sainigh agus glaoigh) teibiú a thaispeáint<br><br>3.4 cur síos a dhéanamh ar shreabhrialú cláir m.sh. sreabhrialú comhuaineach nó seicheamhach – ag brath ar theanga |
| **An cód a dhoiciméadú:**<br><br>Doiciméadú agus anailís ar chód | 3.5 cláir a dhoiciméadú chun an chaoi a noibríonn siad a mhíniú<br><br>3.6 an cód doiciméadaithe a chur i láthair dá chomhscoláirí i ngrúpaí beaga<br><br>3.7 cód a anailísiú chun a fheidhm a fháil amach agus chun earráidí nó earráidí féideartha a shainaithint |

# Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama fóirsteanach le haghaidh measúnú aon uaire, cuid eile le haghaidh measúnú leanúnach de réir mar a thugann an scoláire faoi ghníomhaíochtaí difriúla foghlama ar nós gnéithe difriúla den ríomhchlárú a phlé, a mhíniú, a oibriú amach, taighde a dhéanamh orthu, cinntí a dhéanamh fúthu nó machnamh a dhéanamh orthu. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a phiaraí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre. Pleanálann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don mheasúnú rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an measúnú rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá Foireann Uirlisí don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc, measúnaithe agus tuairiscithe.

## Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Nuair is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí páirt i gcruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.

### Measúnú Rangbhunaithe: Na Píosa a Fhí ina Chéile

Is ionann an measúnú rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an ghearrchúrsa Códaithe. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh obair na dtrí shnáithe a chur i gcrích.

Forbróidh an scoláire tionscadal deiridh bogearraí dá rogha féin i ngrúpa de bheirt nó de thriúr. Déanfaidh an grúpa taighde agus bunóidh siad riachtanais; dearfaidh siad na bogearraí, cuirfidh siad i bhfeidhm iad agus tástálfaidh siad iad. Déanfaidh siad doiciméadú ar a gcuid oibre agus ar a gcód agus cuirfidh siad an tionscadal i láthair a bpiaraí le hathbhreithniú. Déanfaidh siad machnamh ar an aiseolas agus tabharfaidh siad aiseolas ar thionscadail scoláirí eile.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun tionscadal deiridh bogearraí an scoláire a mheas.

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith le haghaidh códú maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa códaithe seo de chuid na sraithe sóisearaí, lena náirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Cuimseoidh na treoirlínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh píosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas ‘ar an iomlán’ a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

## Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d’fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, .i. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire an curaclam agus an measúnú a rochtain bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an measúnú rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt smaointe a chur i láthair agus in iúl trí phictiúir agus trí fhotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta/a tharraingt/a scríobh/a chlóscríobh/a chruthú. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d’fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi chuimsiú in iarbhunscoileanna ar fáil anseo agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama ar fáil anseo.

# Aguisín 1:

## Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an gcumas a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

| | |
|---|---|
| **Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí** | 3 |
| **Eolas**<br>*Fairsinge* | Raon sách fairsing eolais |
| **Eolas**<br>*Cineál* | Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais |
| **Fios gnó agus scil**<br>*Raon* | Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint |
| **Fios gnó agus scil**<br>*Roghnaíocht* | Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuartha |
| **Inniúlacht**<br>*Comhthéacs* | Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna |
| **Inniúlacht**<br>*Ról* | Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu |
| **Inniúlacht**<br>*Foghlaim le foghlaim* | Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe |
| **Inniúlacht**<br>*Léargas* | Glacadh le freagracht theoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS

Specification for **Junior Cycle**
© 2016 Government of Ireland